Nollaig le Comhluadar

Bhí cóisir iontach atá eagraithe ag ‘Comhluadar’ i gcomhar le ‘Gaeilge Locha Riach’ ag Feirm na bPeataí i dTúr Rua, Bállan, Baile Locha Riach Dé Sathairn 16 Nollaig idir 5.00 agus 7.00 i.n.

Tháinig breis agus dosaen teaghlaigh gaelacha le chéile ó chomharsanacht Bhéal Átha na Slua agus ó Bhaile Locha Riach araon agus neart de na páistí ag freastal ar na Gaelscoileanna; Scoil Uí Cheithearnaigh agus Gaelscoil Riabhach.

Bhí na páistí ábalta a bheith ag súgradh is ag spraoi ag na caisleáin súgartha, cuairt a thabhairt ar ar mhainséar ‘beo’ is tamaill a chaitheamh i gcuideachta ceolmhar. D’eagraigh Buíon Ceoil Locha Riach coirmcheoil speisialta le spion bhreá agus croíthe na bpáistí a choinneáil tógtha. Cuireadh fonn damhsa ar a raibh i láthair agus bhí go leor amhráin na Nollag canta ag na páistí don ócáid.

Tuigeadh go raibh deacrachtaí taistil ag an fhear mhór thábhachtach ‘Daidí na Nollag’ agus é ar a bhealach ón Mhol Thuaidh. Bhí tuairim ag daoine eile go raibh Daidí na Nollag ag cleachtadh a chuid Gaeilge óir tugadh le fios dó go raibh Gaeil Fíor-Óga ag fanacht air. Is cosúil gur bhain idir pháistí agus tuismitheoirí an-sult as imeachtaí an lae.

Michael Ó Fathaigh agus Gráinne Nic Gabhann ag casadh ceoil mar chuid de Bhuíon Ceoil Locha Riach le linn Cóisir na Nollag le Comhluadar.

Niamh agus Orla Ní Fhathaigh ag casadh ceoil mar chuid de Bhuíon Ceoil Locha Riach le linn Cóisir na Nollag le Comhluadar.

Caoilte Ó Baoill, Normski Ó Dúill, Pól Ó hAinín agus Malacaí Mac Cormaic ag an mhainséar beo le linn Chóisir na Nollag le comhluadar.

Cuid de na páistí a bhí ag Cóisir na Nollag le comhluadar.

Bhí deis ag gach teaghlach bualadh le Daidí na Nollag, anseo tá Ben, Normski agus Suzanne Ní Dhúill i gcuideachta an fhear mhór fheasógach..